
**An Painéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia**

**Seisiún 2**

*20.01.2023-22.01.2023*



European Citizens Panel
food waste
Have Your Say

#FoodWasteEU

European Commission

## 1. Forbhreathnú

An Painéal Saoránach Eorpach um Chur Amú Bia, is painéal é ar a bhfuil 150 saoránach a roghnaíodh go randamach, agus atá le teacht le chéile le haghaidh trí sheisiún. Le linn an chéad seisiúin, a bhí ar siúl ón 16-18 Nollaig 2022 sa Bhruiséil, chruthaigh saoránaigh cnuasaigh cur chuige chun cur amú bia a chosc agus a laghdú, cur chuige a shainaithin siad a bheith an-torthúil do phlé breise sna seisiúin atá le teacht. Tar éis an tseisiúin, rinne Coiste Eolais an phainéil na cnuasaigh sin a ghrúpáil ina dtrí bhloc topaicí:

1. ‘Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhFeirm go dtí an Forc’
2. ‘Tionscnaimh ghnó bia’
3. ‘Tacaíocht a thabhairt chun iompar i measc tomhaltóirí a athrú’

Tionóladh an dara seisiún den phainéal ar líne ón 20-22 Eanáir 2023. Ba é cuspóir an tseisiúin sin cur leis an gcur chuige a ceapadh sa chéad seisiún agus chun na chéad smaointe nithiúla a dhréachtú maidir le moltaí na saoránach chun cur amú bia a laghdú. Tar éis próiseas atriallach ‘athbhreithniú piaraí’, rinne saoránaigh sna 12 mheitheal athbhreithniú agus forbairt ar obair a chéile, iad ag cur 22 smaoineamh chun cinn chun cur amú bia a laghdú. Is iad na smaointe sin a bheidh mar bhonn chun forbairt a dhéanamh ar mholtaí deiridh an phainéil le linn an tríú seisiún, an seisiún deiridh a bheidh acu.

Le linn an phainéil, is iad na saineolaithe seo a leanas a bhí mar chuid den Choiste Eolais:

- **Anne-Laure Gassin,** *Ceann Foirne, Aonad na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’, Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach*
- **Toine Timmermans,** *Bainisteoir an Chláir ‘Sustainable Food Chains’ (Slabhraí Bia Inbhuanaithe), Ollscoil Wageningen*
- **Gyula Kasza,** *Comhordaitheoir Maradék Nélkül (An Tionscadal um Dhramhaíl Nialasach), clár náisiúnta na hUngáire chun cur amú bia a chosc; Ollamh comhlach ag Ollscoil Tréidliachta na hUngáire*
- **Laura Fernández Celemín,** *Stiúrthóir Ginearálta, An Chomhairle Eorpach um Fhaisnéis faoi Bhia*
- **Maïwenn L´Hoir,** *Bainisteoir Tionscadail ar son an chomhraic i gcoinne an chur amú bia agus na neamhshlándála bia - bia inbhuanaithe, Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis na Fraince*

**<u>Lá 1 (Dé hAoine)</u>**

Dé hAoine, chuir modhnóirí fáilte roimh shaoránaigh agus mhol siad go roinnfeadh na rannpháirtithe a dtaithí maidir lena n-iompar i dtaca le cur amú bia ó bhí Seisiún 1 ann (le tacaíocht ó roinnt pobalbhreith idirghníomhach). Ansin thug na modhnóirí léargas tapa do shaoránaigh ar chlár oibre Sheisiún 2, sular thug siad cead cainte do shaineolaithe chun cur i láthair ginearálta a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát chun cur amú bia a chosc agus a laghdú. I dtosach báire, thug **Anne-Laure Gassin, Ceann Foirne Aonad na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc', Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, an Coimisiún Eorpach**, nuashonrú do na saoránaigh faoi stádas phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le cur amú bia. Labhair **Toine Timmermans, Bainisteoir an Chláir ‘Sustainable Food Chains’ (Slabhraí Bia Inbhuanaithe, Ollscoil Wageningen**, faoi dhul i ngleic le cur amú bia ar an leibhéal náisiúnta agus faoin tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha. Ansin, thug sraith saineolaithe agus cleachtóirí ionchur

níos sonraí i dtrí phlé painéil mhodhnaithe - ceann amháin in aghaidh an bhloic topaicí. Is iad seo a leanas na cainteoirí:

**Bloc Topaicí 1:** 'Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhFeirm go dtí an Forc'

- **Toine Timmermans**, Bainisteoir an Chláir 'Sustainable Food Chains' (Slabhraí Bia Inbhuanaithe), Ollscoil Wageningen
- **Dorothée Briaumont**, *Stiúrthóir Feidhmiúcháin, SOLAAL*
- **Francisca Feiteira**, *Oifigeach um Beartas Bia, Slow Food*
- **Fabien Santini**, *Leas-Cheann Aonaid - Rialachas na margaí agraibhia, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe, an Coimisiún Eorpach*

**Bloc Topaicí 2:** 'Tionscnaimh ghnó bia'


- **Ahmed Soliman**, *Stiúrthóir Cáilíochta i nDearadh, Danone*
- **Marine Thizon**, *Bainisteoir Gnóthaí Poiblí, HOTREC*
- **Fabrizio Fabbri,** *Bainisteoir Bia agus Inbhuanaitheachta, Euro Coop*
- **Eduardo Montero Mansilla**, *Oifigeach Bia, La Federación de Consumidores y Usuarios CECU*

**Bloc Topaicí 3:** 'Tacaíocht a thabhairt chun iompar i measc tomhaltóirí a athrú'

- **Erica van Herpen,** *Ollamh Comhlach leis an nGrúpa um Iompar Margaíochta agus Tomhaltóirí, Ollscoil Wageningen*
- **Odile Le Bolloch**, *Eolaí Comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire*
- **João Toledo,** *Saineolaí Náisiúnta san Eagraíocht um Tháirgeadh Agraibhia, Aireacht Talmhaíochta na Portaingéile*

## Lá 2 (Dé Sathairn)

Dé Sathairn, d'oibrigh na saoránaigh i 12 mheitheal chomhthreomhara, agus thacaigh éascaitheoirí a bhfuil taithí acu agus ateangaireacht chomhuaineach leo. Le linn an **chéad bhabhta** den lá, sannadh gach bloc topaicí do cheithre mheitheal agus iarradh orthu smaoineamh a cheapadh bunaithe ar ábhar a mbloc. Bhreac na héascaitheoirí síos an smaoineamh/na smaointe i scarbhileoga ilteangacha a bhí idirnasctha le grúpaí eile. Sa **dara babhta**, sannadh bloc topaicí do na grúpaí agus iarradh orthu aiseolas a thabhairt faoi smaoineamh a cheap grúpa eile. Thairis sin, bhí an deis ag gach grúpa a smaointe féin a bhaineann leis an topaic a mholadh. Le linn an **tríú babhta** den lá, tugadh dhá smaoineamh eile do ghrúpaí, ar smaointe iad a ceapadh cheana féin chun a mbarúlacha a thabhairt ina leith agus ina dhiaidh sin, bhí an deis acu smaoineamh nua a fhorbairt nó tuilleadh aiseolais a chur ar fáil i dtaca le smaointe a ceapadh cheana féin ón dara babhta. Le linn an lae ar fad, bhí saoránaigh in ann ceisteanna a chur isteach agus d'fhreagair saineolaithe na ceisteanna sin le linn an deiridh seachtaine sa 'Lárionad Eolais agus Faisnéise' (KIC).



**Lá 3 (Dé Domhnaigh)**

Maidin Dé Domhnaigh, bhuail na rannpháirtithe le chéile arís ina meithleacha oibre don cheathrú babhta, arbh é freisin an babhta deiridh de na pléití i ngrúpaí. Bhí 2-3 smaointe laistigh d'aon bloc topaicí ar leith faoi úinéireacht gach meitheal, chomh maith le haiseolas comhtháite a fuarthas ó ghrúpaí eile ar na smaointe sin. Iarradh ar na grúpaí ansin an tsraith smaointe a sannadh dóibh a chomhdhlúthú. Ina dhiaidh sin, d'ainmnigh gach meitheal saoránach chun smaointe comhdhlúite an ghrúpa a chur i láthair le haghaidh moltaí i bhformáid iomlánach ar líne agus d'fhreagair siad ceisteanna breise a d'ardaigh na modhnóirí. Ag an deireadh, d'iarr na príomh-mhodhnóirí aiseolas ar shaoránaigh agus thug siad léargas ar Sheisiún 3.

## 2. Clár oibre gearr

| **Dé hAoine (20/01)** | **Seisiún iomlánach** | | |
|---|---|---|---|
| 14.00-14.30 | *Ionduchtú (gan ateangaireacht)* | | |
| 14.30-15.00 | **Fáilte agus an clár a chur i láthair** | | |
| 15.00-15.30 | **Cur i láthair ar thopaic idirdhisciplíneach** | | |
| 15.30-15.40 | *Sos* | | |
| 15.40-16.35 | **Plé painéil modhnaithe ar bhloc topaicí I: 'Comhar sa slabhra luacha bia: Ón bhFeirm go dtí an Forc'** | | |
| 16.35-16.45 | *Sos* | | |
| 16.45-17.40 | **Plé painéil modhnaithe ar bhloc topaicí II: 'Tionscnaimh ghnó bia'** | | |
| 17.40-17.50 | *Sos* | | |
| 17.50-18.45 | **Plé painéil modhnaithe ar bhloc topaicí III: 'Tacaíocht a thabhairt chun iompar i measc tomhaltóirí a athrú'** | | |
| 18.45-19.00 | **Forbhreathnú ar chlár oibre na laethanta atá le teacht** | | |
| **Dé Sathairn (21/01)** | **Meithleacha** | | |
| 09.30-11.15 | **Babhta 1: Smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí** | | |
| | Meithleacha 1-4: Bloc Topaicí II | Meithleacha 5-8: Bloc Topaicí III | Meithleacha 9-12: Bloc Topaicí I |
| 11.15-11.30 | *Sos* | | |
| 11.30-13.15 | **Babhta 2: Aiseolas ar smaointe agus smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí** | | |
| | Meithleacha 1-4: Bloc Topaicí I | Meithleacha 5-8: Bloc Topaicí II | Meithleacha 9-12: Bloc Topaicí III |
| 13.15-14.45 | *Sos lóin* | | |
| 14.45-16.00 | **Babhta 3, cuid 1: Aiseolas ar smaointe agus smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí** | | |
| | Meithleacha 1-4: Bloc Topaicí III | Meithleacha 5-8: Bloc Topaicí I | Meithleacha 9-12: Bloc Topaicí II |
| 16.00-16.15 | *Sos* | | |
| 16.15-17.30 | **Babhta 3, cuid 2: Aiseolas ar smaointe agus smaointe a fhorbairt le haghaidh moltaí** | | |
| | Meithleacha 1-4: Bloc Topaicí III | Meithleacha 5-8: Bloc Topaicí I | Meithleacha 9-12: Bloc Topaicí II |
| **Dé Domhnaigh (22/01)** | **Suíomh measctha** | | |
| 09.30-11.30 | **Meithleacha** | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Babhta 4: Smaointe a chomhdhlúthú le haghaidh moltaí** | | |
| | Meithleacha 1-4:<br>Bloc Topaicí II | Meithleacha 5-8:<br>Bloc Topaicí III | Meithleacha 9-12:<br>Bloc Topaicí I |
| 11.30-12.00 | *Sos* | | |
| 12.00-14.00 | **Seisiún iomlánach**<br>**Smaointe a chur i láthair agus an t-aistriú go dtí Seisiún 3** | | |

## 3. Taifid ar na seisiúin iomlánacha

- **20.01.:** https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-food-waste-session-2
- **22.01.:** https://webcast.ec.europa.eu/european-citizens-panel-on-food-waste-session-2-20230122